

Droichead Chearbhalláin

1.0 Comhthéacs agus Nádúr an tSráidbhaile

Tá Droichead Chearbhalláin lonnaithe in iarthuaisceart Chontae na Mí, ar an N52 a nascann Ceanannas agus Dún Dealgan. Tá an sráidbhaile 6km ar an taobh thiar thuaidh de Ceanannas agus laistigh de 14km ó Acomhal 10 ar an M3. Téann an Abhainn Rua thar imeall thiar agus theas an tsráidbhaile.

Meastar gur bunaíodh an sráidbhaile go luath sa 19ú haois, san áit a dtrasnaítear an abhainn, ach is dócha go raibh daoine ina gcónaí sa cheantar ar feadh na gcéadta bliain, mar a thugtar le fios ag Tobar Phádraig (a d'fhéadfadh a bheith ón 5ú haois). Ón bhforbairt a rinneadh go luath sa 19ú haois a thagann carachtar an tsráidbhaile, atá comhdhéanta de phríomhshráid leathan a sainítear ar an taobh thoir agus ar an taobh thiar ag sraitheanna tithe scoite, ar struchtúir chosanta roinnt díobh. Tugtar sainiú ó dheas leis an abhainn agus leis an droichead. Tugtar le carachtar foirmiúil an tsráidbhaile leis an bhfaiche aonaigh agus leis na crainn aibí ar an taobh ó thuaidh. Tugtar sainiú ar an mbealach isteach chuig an sráidbhaile ó Bhóthar Mhaigh nEalta leis an scoil náisiúnta. Coinníodh líne leanúnach foirgneamh ar an dá thaobh den príomhshráid, rud a thugann tréith foirmiúil don sráidbhaile. Soláthraítear timpeallacht tharraingteach leis an gcnuasach foirgneamh agus le leagan amach an tsráidbhaile agus soláthraítear leo na príomhghnéithe chun croílár slachtmhar a chruthú don sráidbhaile a bhfuil d'acmhainneacht aige cur leis an ómós áite agus le féiniúlacht an tsráidbhaile.

Áit san Ordlathas lonnaíochta	Sráidbhaile – Ionad áitiúil do sheirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt		
Daonra	2011	2016	% Athrú
	631	664	Méadú 5.2% ar dhaonra
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	40 aonad		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	0		
Líon iomlán Stoc Tithíochta.	241		
Áiseanna Oideachais	Scoil Náisiúnta Dhroichead Chearbhalláin		
Áiseanna Pobail	Oifig phoist agus Tailte CLG Naomh Mícheál ar an N52 Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia N52 lasmuigh de theorainn an phlean forbartha.		
Limistéar Comhaontais Ailtireachta	Ceann ar bith		
Déanmhais Chosanta	Tá 4 dhéanmhais cosanta laistigh de theorainn an tsráidbhaile RPS - MH011-103 Droichead Dhroichead Chearbhalláin RPS - MH011-104 Teach ag acomhal bhóthar Bhaile Átha Fhirdhia RPS - MH011-116 Teach agus foirgneamh amuigh le díon cruinn ar a chúl. RPS - MH011-118 Teach		

	Tá aon. Láithreán, ghné agus déantán seandálaíochta uimh. amháin laistigh de theorainn an tsráidbhaile liostaithe mar Shéadchomhartha Taifeadta: ME011-045 Tobar Phádraig, tobar deasghnátha
Toilleadh Bonneagair	Ionad cóireála fuíolluisce Dhroichead Chearbhalláin - toilleadh ar fáil. Ionad cóireála fuíolluisce Cheanannais - toilleadh ar fáil.
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Níl MSPT de dhíth. Criosanna Tuilte A agus/nó tailte B lasmuigh den ionad lonnaíochta.
Láithreáin Natura 2000	Ceann ar bith. Téann an Abhainn Rua, a ritheann ar feadh theorainn forbartha theas an tsráidbhaile, isteach in SAC/SPA na hAbhann Duibhe.
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	N/B

2.0 Fís

An struchtúr uirbeach reatha sa sráidbhaile a shainmhíniú, a chomhdhlúthú agus a threisiú agus forbairt a spreagadh lena gcomhdhlúthófar carachtar sainiúil an tsráidbhaile, agus lena gcaomhnófar agus lena bhfeabhsófar cáilíocht thimpeallacht nádúrtha agus thógtha an tsráidbhaile, fad a fhreastalófar ar riachtanais gach cuid den phobal áitiúil, lena chinntiú go ndéanfar an sráidbhaile a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe mar áit tharraingteach le bheith ag cónaí agus ag obair ann, imbun fóillíochta ann agus le cuairt a thabhairt air. Ní spreagfar ach fás cónaitheach nádúrtha/orgánach thar shaolré an Phlean Forbartha i gcomhréir le Croístraitéis an Phlean Forbartha.

3.0 Deiseanna

- Cuireann carachtar foirmiúil an tsráidbhaile leis an gcáilíocht saoil atá ag na cónaitheoirí áitiúla. Mar sin féin, tá sainiú na ríochta poiblí lag, níl an soláthar cosán leanúnach agus níl idirdhealú maith idir na limistéir d'fheithicilí agus do choisithe i gcroílár an tsráidbhaile.
- Tháinig forbairt ar an bhfaiche aonaigh ó fhaiche shráidbhaile dea-sainithe go dtí acomhal bóithre. Cailleadh tuilleadh d'fhéiniúlacht an spáis nuair a forbraíodh teaghas sa spás. Is éard atá san fhaiche aonaigh stairiúil sa lá atá inniu ann, bealach isteach chuig an sráidbhaile atá oscailte agus nach bhfuil sainithe go maith. Níl pointe lárnach ná spás sibhialta ag an mbaile. Tá acmhainneacht ann, áfach, féiniúlacht chomhpháirteanna an tsráidbhaile a chomhtháthú, agus cur leis an timpeallacht fhisiciúil chun sócmhainní fisiciúla agus sóisialta an tsráidbhaile a uasmhéadú, chun forbairt ar spás sibhialta chun leasa cónaitheoirí agus cuairteoirí a uasmhéadú, agus chun ómós áite agus féiniúlachta níos fearr a thabhairt don sráidbhaile.
- Is cúlsoláthar talún suntasach é Páirc na bhFianna agus tá sé lonnaithe gar do lár an tsráidbhaile. Féadfaidh na tailte sin cabhrú le dul i ngleic le riachtanais an phobail ó thaobh áiseanna pobail breise de.

4.0 Straitéis Talamhúsáide

Tá roinnt príomhghnéithe leis an Straitéis Talamhúsáide do Dhroichead Chearbhalláin;

- Carachtar sráidbhaile cónaitheach reatha na príomhshráide a chomhdhlúthú;
- An fhaiche aonaigh a athshainiú mar chroílár tráchtála agus mar spás a d'fhéadfaí a úsáid chun críocha sibhialta/pobail;

- Sócmhainní nádúrtha agus fisiciúla an tsráidbhaile a chomhtháthú, lena n-áirítear feabhsú na ríochta poiblí, trí bhithin bealaí do choisithe a fhorbairt laistigh den sráidbhaile agus timpeall air, lena n-áirítear taitneamhacht na habhann, áiteanna spás oscailte a nascadh lena chéile, agus úsáidí pobail a mbeadh brí leo a sholáthar sa sráidbhaile.

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tá na cineálacha éagsúla teaghaisí ón 19ú agus ó go luath an 20ú haois sa bhaile. Tá limistéir chónaitheacha nua suite ar na tailte cúil ar an taobh thoir agus ar an taobh thiar den príomhshráid, agus iad comhdhéanta de theaghaisí bruachbhailteacha scoite agus leathscoite; Currach Pár, Curragh Wood, Faiche an Aonaigh agus Borora Crescent. Chomh maith leis sin, ar an taobh ó thuaidh den sráidbhaile tá teaghaisí aon stóir leathscoite ag Deerpark Heights, agus O'Chearbhallainn Crescent, 'Láithreán Cónaitheach le Seirbhísí' atá comhdhéanta de chineálacha éagsúla áiteanna cónaithe. Bhainfeadh na heastáit chónaitheacha nua go léir buntáiste as tírdhreachú agus as na spásanna taitneamhachta a fheabhsú.

Tógadh líon mór eastát cónaitheach i nDroichead Chearbhalláin le déanaí. Tá acmhainneacht sna láithreáin inlionsa fhéideartha ar an taobh thoir agus ar an taobh thiar den príomhshráid chun tuilleadh eastáit iltithíochta a thógáil iontu.

4.2 Eacnamaíocht agus Fostaíocht

Sainaitnítear Droichead Chearbhalláin mar mar ionad miondíola Leibhéal 5 i gcéimlathas Miondíola an Chontae. Tá raon beag seirbhísí miondíola agus gnó aige, lena n-áirítear dhá shiopa áise, a bhfuil Oifig Phoist i gceann acu, cógaslann, dhá theach tábhairne, salon agus bialanna/bialann beir leat. Níl aon úsáidí fostaíochta suntasacha sa sráidbhaile. Is díspreagadh í gaireacht an tsráidbhaile le Ceanannas ó thaobh áiseanna eile a mhealladh, seachas riachtanais láithreacha an tsráidbhaile agus an dobharcheantair áitiúil.

Níl ann d'éileamh sainráite ar fhorbairt fiontraíochta i nDroichead Chearbhalláin, ach is tábhachtach láithreán ar scála cuí agus in áit chuí a choimeád le haghaidh riachtanas fiontraíochta sa chás go dtiocfadh éileamh den sórt sin chun cinn. Moltar úsáid fiontraíochta mar sin a lonnú in áit lárnach agus chuideodh sí le meascán úsáidí níos inbhuanaithe a bhaint amach sa sráidbhaile, rud a ligfeadh do chónaitheoirí bheith ag cónaí agus ag obair go háitiúil.

4.3 Bonneagar

Ionad cóireála fuíolluisce Dhroichead Chearbhalláin a fhreastalaíonn ar Dhroichead Chearbhalláin. Tá acmhainneacht fuíolluisce teoranta ar fáil faoi láthair. Is ó ionad cóireála uisce Ceanannais a thagann an soláthar uisce agus freastalaíonn an t-ionad sin ar an Seanchaisleán, ar Chrosa Caoil, ar Charn na Ros agus ar dhobharcheantar tuaithe suntasach freisin. Is leor an soláthar chun forbairt amach anseo a éascú.

4.4 Gluaiseacht

Tá ceithre bhóthar isteach chuig Droichead Chearbhalláin. Is ó Ceanannas agus ó Bhaile Átha Fhirdhia, ar feadh an N52 ar an taobh ó dheas den sráidbhaile, agus ó thaobh an eastáit den sráidbhaile faoi seach, iad na príomhbhóithre isteach. Tagann na príomhbhealaí isteach eile ó Mhaigh nEalta agus ó Bhóithre na Cille Bige/na hOibre, a thagann isteach ón taobh ó thuaidh agus

ón taobh thoir thuaidh faoi seach, agus a thagann le chéile ag an Scoil Náisiúnta. Tagann an bealach sin leis an N52 ansin ar an taobh ó thuaidh den Phríomhshráid.

D'fhonn lár an tSráidbhaile a athshainiú, coinnítear sa phlean seo an cuspóir a bhí ann roimhe sa léarscáil criosaithe talamhúsáide chun seach-chonair an N52 a chur timpeall ar an sráidbhaile.

Mar sin féin, cé go n-aithnítear nach scéim tosaíochta do Bhonneagar Iompair Éireann (TII) é seach-chonair a chur timpeall ar Bhaile Átha Buí, tá staidéar breise chun scrúdú a dhéanamh ar an líonra bóithre náisiúnta den dara grád i gcomhthéacs an Chreata Náisiúnta Pleanála agus nascacht na lárionad réigiúnach le déanamh ag TII in am trátha. D'fhéadfadh sin a bheith tábhachtach do Dhroichead Chearbhalláin i dtéarmaí athscrúdú a dhéanamh ar an N52 agus deiseanna infheistíochta féideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Déantar tagairt i Léarscáil 5.2 den phlean seo do roinnt suíomhanna a bhféadfadh seach-chonair a bheith de dhíth orthu amach anseo. Cuirfead feabhas ar ghluaiseachtaí tréthrachta mar thoradh ar an mbealach seo agus éascófar feabhsúcháin ar thimpeallacht agus ar lár Dhroichead Chearbhalláin.

Moltar sa phlean seo feabhsúcháin chomhshaoil chun feabhas a chur ar ghluaiseacht choisithe agus rothaithe laistigh de lár an tsráidbhaile, agus moltar limistéir páirceáil carranna sa dá nóid a chuíchóiriú. Déanfar soláthar sa phlean d'athchumrú féideartha ar na bealaí trí lár an bhaile, de réir mar is cuí, chun na feabhsúcháin sin a éascú.

4.5 An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

Is acmhainn thábhachtach í oidhreacht thógtha agus nádúrtha Dhroichead Chearbhalláin nach mór a chosaint agus a fheabhsú chun cur leis an ómós áite agus le féiniúlacht na háite. Déantar cosaint na n-acmhainní sin agus caomhnú an luach atá acu ó thaobh na hoidhreachta de, a chur chun cinn sa Phlean. Áirítear air sin na foirgnimh agus na struchtúir atá tábhachtach ó thaobh na staire de, feabhas a chur ar shuíomh na struchtúr cosanta ar feadh na Príomhshráide agus Tobar Phádraig a chorprú sa phatrún gluaiseachta sa sráidbhaile, le go mbeifear in ann taitneamh a bhaint as.

4.6 Bonneagar Glas

Topagrafaíocht an tsráidbhaile a shainíonn a charachtar tírdhreacha, atá comhdhéanta de thalamh sách cothrom ó dheas a éiríonn sa taobh thoir thuaidh ag Páirc na bhFianna. Ritheann an abhainn chuig an taobh theas agus thiar den sráidbhaile agus tá crainn aibí, tharraingteacha mar shainiú ar shuíomh tírdhreacha na príomhshráide, ar an bhfaiche aonaigh a bhíodh ann, agus ar an mbealach isteach chuig an sráidbhaile ó Mhaigh nEalta agus ó Chill Bhríde. Tá radhairc chosanta ann ón droichead, ar an taobh thoir agus thiar den droichead, i dtreo fála, féarthailte, na habhann agus coillearnaigh, rud a sholáthraíonn suíomh luachmhar atá ina ghné lárnach de charachtar an tsráidbhaile. Tá dhá radhairc chosanta ar leithligh ar an taobh ó dheas den sráidbhaile, ag féachaint soir agus siar ó dhroichead Dhroichead Chearbhalláin, ar Struchtúr Cosanta é, ar an Abhainn Rua agus ar ciumhaiseanna na mbruach. Saináithnítear na radhairc sin ar an léarscáil cuspóirí criosaithe talamhúsáide.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá Bunscoil amháin i nDroichead Chearbhalláin agus Oifig Phoist atá lonnaithe sa siopa áise. Tá club CLG Naomh Mícheál lonnaithe lasmuigh de theorainn forbartha an bhaile, ar Bhóthar an N52, agus baineann eagraíochtaí pobail éagsúla úsáid mhór as an gclubtheach le haghaidh dobharcheantar an tsráidbhaile. Tá deis mhór ag Páirc na bhFianna chun breis áiseanna taitneamhachta a sholáthar don sráidbhaile agus dá chúlchríoch. Tá tréithe comhshaoil suntasacha sa bhaile, go háirithe an Abhainn Rua, ach tá easpa mór taitneamhachtaí gníomhacha fóillíochta agus pobail ann.

Comhpháirtíocht na Mí a d'ullmhaigh Plean Pobail Dhroichead Chearbhalláin in Eanáir 2013, faoi *Renaissance Breathing Life into Rural Villages*. Cuireann roinnt príomhthionscadal i bplean an phobail leis an talamhúsáid agus leis an straitéis a leagtar amach sa Phlean don sráidbhaile. Coinníodh talamhúsáidí Pobail, Sóisialta agus Fóillíochta sa straitéis talamhúsáide chun éascaíocht a dhéanamh d'áiseanna breise féideartha le taobh na Scoile Náisiúnta agus i bPáirc na bhFianna. Chomh maith leis sin, moltar siúlóidí taitneamhachta ar feadh na habhann, agus laistigh den sráidbhaile chun nascadh leis an bPríomhshráid agus le Tobar Phádraig in aice le Faiche an tSráidbhaile.

4.8 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Moltar feabhsúcháin chuig an ríocht phoiblí chun cur le cáilíocht timpeallachta an tsráidbhaile, lena n-áirítear cosáin bhreise agus cosáin fheabhsaithe, soilsiú agus tírdhreachú poiblí, le bealaí rothaíochta san áireamh de réir mar is cuí. Moltar cearnóg shráidbhaile agus spás pobail a shainiú freisin ar an taobh ó thuaidh den phríomhshráid. Bhainfeadh an sráidbhaile leas as cuíchóiriú ar limistéir choisithe agus pháirceála chun tuilleadh spáis a chur ar fáil ar leas choisithe a thabharfadh deis do chónaitheoirí agus do chuariteoirí fanacht timpeall.

Leis an bPlean seo, déantar naisc idir phobail agus taitneamhachtaí atá ann cheana féin a chur chun cinn, laistigh de limistéir forbartha, agus mar chuid de limistéir forbartha féideartha nua, d'fhonn patrún gluaiseachta choisithe agus rothaithe a chomhtháthú go hiomlán tríd an sráidbhaile.

5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

Lonnaíocht agus Tithíocht

BEA D.C. 1	An struchtúr uirbeach reatha sa sráidbhaile a shainmhíniú, a chomhdhlúthú agus a threisiú agus forbairt a spreagadh lena gcomhdhlúthófar carachtar sainiúil an tsráidbhaile, agus lena gcaomhnófar agus lena bhfeabhsófar cáilíocht thimpeallacht nádúrtha agus thógtha an tsráidbhaile, fad a fhreastalófar ar riachtanais gach cuid den phobal áitiúil, lena chinntiú go ndéanfar an sráidbhaile a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe mar áit tharraingteach le bheith ag cónaí agus ag obair ann, i mbun fóillíochta ann agus le cuairt a thabhairt air.
------------	---

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS D.C. 1	Cur i bhfeidhm Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a chinntiú, a mhéid agus is féidir, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh do Dhroichead Chearbhalláin, mar a leagtar amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
CUS D.C. 2	Tacú le forbairt chónaitheach ar thalamh tearc-úsáide agus/nó ar thailte folmha, lena n-áirítear láithreáin ‘inlíonta’ agus láithreáin ‘a ndearnadh faillí ann’, agus an fhorbairt sin a spreagadh, faoi réir ag ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach a bhaint amach.
CUS D.C. 3	Tacú le comhtháthú limistéir fhorbartha nua le siúlóidí taitneamhachta molta, nuair is féidir sin.
CUS D.C. 4	Tacú le feabhsú na ríochta poiblí laistigh d'eastáit chónaitheacha, lena n-áirítear tírdhreachú, soilsiú poiblí agus comhleanúnachas cosán, nuair is féidir sin.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

CUS D.C. 5	Forbairt thailte Fiontraíochta agus Fostaíochta a chur chun cinn agus a chinntiú go mbeidh aon fhorbairt nua nasctha le lár an tsráidbhaile trí bhíthin cosáin agus soilsiú poiblí, agus an bonneagar fisiciúil riachtanach agus na seirbhísí riachtanacha eile a sholáthar.
------------	--

Bonneagar

CUS D.C. 6	Idirchaidreamh a dhéanamh le hUisce Éireann maidir le seirbhísí uisce leordhóthanacha a sholáthar chun riachtanais forbartha an tsráidbhaile a chomhlíonadh laistigh de thréimhse an Phlean.
------------	--

Gluaiseacht

CUS D.C. 7	Tacú le soláthar seach-chonair nua timpeall ar an mbóthar náisiúnta den dara grád, an N52, trí Dhroichead Chearbhalláin go ginearálta ar an taobh thoir theas den sráidbhaile.
CUS D.C. 8	Forbairt ar Chearnóg an tsráidbhaile agus ar an Spás Pobail atá molta a éascú, lena n-áirítear leasuithe riachtanacha ar leagan amach an bhóthair, chun tús áite a thabhairt do phatrúin ghluaiseachta coisithe agus rothaithe.

An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

CUS D.C. 9	<p>Na clampa crann suntasach sa sráidbhaile a shainiú sa léarscáil críosaithe talamhúsáide agus a liostaítear thíos a chosaint agus fála sceaigh agus ballaí cloiche suntasach a choinneáil, nuair is féidir, ach iad a chorprú i leagan amach forbartha a dhéanfar don sráidbhaile amach anseo.</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Clampa poibleog (Populus) ar an taobh thoir de Bhóthar Mhaigh nEalta. 2. Clampa seiceamar (Acer pseudoplatanus) ar an taobh thiar de Bhóthar Mhaigh nEalta.
------------	--

	<p>3. Clampa crann creathach (<i>Populus tremula</i>) ar an taobh theas de Bhóithre na Cille Bige/na hOibre.</p> <p>4. Clampa crann bláth sílíní (<i>Prunus serrulata</i>) os comhair na Scoile Náisiúnta ar an taobh ó dheas de Bhóithre na Cille Bige/na hOibre.</p> <p>5. Clampa seiceamair (<i>Acer pseudoplatanus</i>) ar an taobh thiar d'acomhal Bhóithre Mhaigh nEalta agus na Cille Bige/na hOibre.</p> <p>6. Dhá chlampa saileach (<i>Salix</i>) agus crann duillsilteach eile ar na tailte ar an taobh thoir den Scoil Náisiúnta, ar feadh theorainn garraí go príomha.</p> <p>7. Clampa seiceamair (<i>Acer pseudoplatanus</i>), fuinseog (<i>Fraxinus excelsior</i>) agus crann bláth sílíní (<i>Prunus serrulata</i>) ar an taobh thoir den Phríomhshráid i lár an tsráidbhaile.</p> <p>8. Clampa seiceamair (<i>Acer pseudoplatanus</i>) ar an taobh ó dheas de theach tábhairne J. Kiernan's agus Borora Crescent, agus ar feadh bhruacha na hAbhann Rua ar an taobh thoir de dhroichead Dhroichead Chearbhalláin.</p> <p>9. Clampa saileach (<i>Salix</i>) agus crann duillsilteach eile ar feadh bhruacha na hAbhann Rua ar an taobh thiar de dhroichead Dhroichead Chearbhalláin, ag síneadh ar feadh na hAbhann ar an taobh thiar den sráidbhaile.</p>
CUS D.C. 10	Forbairt shiúlóidí taitneamhachta ar feadh na habhann agus ag nascadh le lár an tsráidbhaile a éascú, faoi réir ag measúnachtaí timpeallachta cuí.
CUS D.C. 11	Radhairc a shainaitnítear ar an léarscáil criosaithe talamhúsáide, lena n-áirítear an radharc ar an taobh ó dheas den sráidbhaile, ag féachaint siar agus soir ó dhroichead Dhroichead Chearbhalláin, ar Struchtúr Cosanta é, agus an radharc ar an Abhainn Rua agus na ciumhaiseanna bruacha gaolmhara, a chosaint ó fhorbairt a mbeadh drochthionchar aici ar charachtar agus ar thaitneamhacht amhairc an tírdhreacha.

Sóisialta

CUS D.C. 12	Feabhas a chur ar úsáidí pobail agus fóillíochta, lena n-áirítear tacaíocht do limistéar súgartha do leanaí a fhorbairt sa sráidbhaile, agus spás oscailte poiblí a shainaithint ar feadh na habhann agus ag Páirc na bhFianna.
CUS D.C. 13	Tacú cosáin thaitneamachta idirnasctha a fhorbairt ar feadh sruthán agus fáлта sceach, agus chuig an láithreán seandálaíochta sa sráidbhaile agus taobh leis, chun meas ar an oidhreacht thógtha agus nádúrtha ag cónaitheoirí agus ag cuairteoirí a éascú, agus chun cur le húsáidí taitneamhachta agus le tréscóilteacht an tsráidbhaile.
CUS D.C. 14	Cur i bhfeidhm Phlean Pobail Athbheochana Dhroichead Chearbhalláin agus thionscadail eile faoi stiúir an phobail a éascú, agus tacú leo, chun an sráidbhaile a fheabhsú go ginearálta fad a chinnteofar go mbeidh na

tionscadail a éireoidh as na cinn luaite i gcomhréir leis na cuspóirí forbartha sa Ráiteas Scríofa seo don sráidbhaile.

Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS D.C. 15	Tacú le forbairt ar chearnóg shráidbhaile/spás pobail ar an bhfaiche aonaigh a bhíodh ann, le bheith mar chroílár tráchtála agus pobail an tsráidbhaile, le rochtain ar Thobar Phádraig, agus tacú le forbairt ar fhorbairt úsáide measctha a mbeidh d'acmhainneacht aici úsáidí tráchtála, fostaíochta, pobail agus cónaitheach a sholáthar.
CUS D.C. 16	Tacú le feabhsú na príomhshráide, lena n-áirítear limistéir choisithe agus pháirceála a shainiú, soilsiú poiblí agus tírdhreachú chun sráid chónaitheach ardcháilíochta a chruthú fad a dhéanfar na húsáidí tráchtála atá ann cheana, an teach tábhairne agus an siopa a chomhtháthú, chun spás a chruthú do chónaitheoirí idirghníomhú agus am a chaitheamh iontu.
CUS D.C. 17	Na bealaí isteach chuig an sráidbhaile, droichead Dhroichead Chearbhalláin, Bóthar Mhaigh nEalta / Bóthar na hOibre agus Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia, a fheabhsú trí bhíthin feabhsúcháin ar an ríocht poiblí lena gcorprófaí brandáil don sráidbhaile.
CUS D.C. 18	A chinntiú go léireoidh an fhorbairt nua uile meas ar scála, ar fhoirm agus ar charachtar an tsráidbhaile.